C/2024/6348

7.11.2024

P9_TA(2024)0057

Forghníomhú maidir le dícháiliúcháin tiomána áirithe ag a bhfuil éifeacht uile-Aontais

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2024 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe (COM(2023)0128 – C9-0036/2023 – 2023/0055(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2024/6348)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0128),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91, (pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0036/2023),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Meitheamh 2023, ([1])

— tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0410/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

([1]) IO C 293, 18.08.2023, lch. 133.

P9_TC1-COD(2023)0055

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 6 Feabhra 2024 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), pointe (c) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is príomhchuspóir de bheartas iompair an Aontais é feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. I gCreat Beartais an Aontais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 ([2]), agus i dtaca leis an sprioc uaillmhianach atá aige, gheall an Coimisiún an athuair go mbeidh líon na mbásanna gar do nialas agus nach mbeidh aon ghortuithe tromchúiseacha ann ar bhóithre an Aontais faoi 2050 ('Fís an Nialais'), sin agus an aidhm mheántéarmach go mbeidh laghdú 50 % ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha faoi 2030.

(2) D'fhonn an sprioc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre a bhaint amach, i nDearbhú Vaileite 2017 maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre an 29 Márta 2017, d'iarr Airí Iompair na mBallstát go ndéanfaí creat dlíthiúil an Aontais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a neartú, agus go ndíreofaí go háirithe ar an ngá go n-oibreodh na Ballstáit i gcomhar maidir le dícháiliúcháin tiomána tiománaithe neamhchónaitheacha.

(3) Mar thoradh ar shaorghluaiseacht daoine agus trácht idirnáisiúnta ar bhóithre atá ag dul i méid, is minic a bhíonn dícháiliúcháin tiomána á bhforchur ag Ballstáit seachas an Ballstát ina mbíonn gnáthchónaí ar an tiománaí, agus a d'eisigh an ceadúnas tiomána.

(4) Go dtí seo, féadfaidh Ballstát seachas an Ballstát ina mbíonn gnáthchónaí ar an tiománaí bearta a dhéanamh, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta, agus mar thoradh ar iompraíocht neamhdhleathach ar a chríoch ag sealbhóir ceadúnais tiomána a fuarthas i mBallstát eile, rud a fhágann go ndiúltaítear aitheantas a thabhairt do bhailíocht ceadúnas tiomána arna n-eisiúint ag Ballstáit eile agus, dá bhrí sin, go gcuirtear srian le ceart tiomána an duine lena mbaineann. Tá raon feidhme na mbeart sin teoranta do chríoch an Bhallstáit inar tharla an iompraíocht neamhdhleathach, áfach, agus tá a n-éifeacht teoranta don diúltú aitheantas a thabhairt do bhailíocht an cheadúnais sin laistigh den chríoch sin. Dá réir sin, in éagmais aon ghníomhaíochta ón mBallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána, leanann an ceadúnas tiomána sin de bheith aitheanta i ngach Ballstát eile. Le cás den sórt sin, áfach, cuirtear cosc ar leibhéal níos airde sábháilteachta ar bhóithre a bhaint amach san Aontas. Tiománaithe atá dícháilithe ón tiomáint i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána, níor cheart dóibh éalú ó éifeachtaí an bhirt sin agus iad i láthair i mBallstát seachas Ballstát an chiona.

(5) D'fhonn ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas, is gá rialacha sonracha a leagan síos maidir le cur i bhfeidhm uile-Aontais na ndícháiliúchán tiomána arna bhforchur ag Ballstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an chiontóra, ar dícháiliúcháin iad a eascraíonn as mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

([1]) IO C 293, 18.08.2023, lch. 133.
([2]) SWD(2019)283 final.

(6) Mar sin féin, ***ba cheart prionsabal na coimhdeachta a urramú agus*** níor cheart é a bheith de cheangal rialacha náisiúnta a bhaineann le sainmhíniú cionta tráchta bóthair, lena gcineál dlíthiúil agus leis na smachtbhannaí is infheidhme maidir leis na cionta sin a chomhchuibhiú mar gheall ar chur chun feidhme na Treorach seo. Go háirithe, ba cheart éifeacht uile-Aontais dícháiliúchán tiomána a shaothrú gan beann ar cháiliú na mbeart náisiúnta i mBallstát an chiona mar bhearta riaracháin nó bearta coiriúla. ***Agus dícháiliú tiomána uile-Aontais á chur i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha dlíthiúla na rialacha náisiúnta atá ann cheana ina leith sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit a gcinntí a ailíniú, a mhéid is féidir.*** **[Leasú 1]**

(7) Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na rialacha maidir le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus maidir le haitheantas frithpháirteach na gcinntí breithiúnacha gaolmhara. Chomh maith leis sin, níor cheart difear a dhéanamh don fhéidearthacht atá ag údaráis bhreithiúnacha na mBallstát cinntí a d'eisigh siad a fhorghníomhú, go háirithe cinntí de chineál coiriúil.

(8) Is é is aidhm bheacht don Treoir seo é a chur ar a chumas don Aontas an sprioc maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre ar fud an Aontais a shaothrú. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais, is cuid de bheartas iompair iad bearta lena bhféachtar le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bóithre agus féadfar iad a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1), pointe (c) den Chonradh ([3]), a mhéid is bearta iad 'chun sábháilteacht iompair a fheabhsú' de réir bhrí na forála sin ([4]).

(9) Is éard is féidir a bheith i gceist le dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, an ceadúnas tiomána nó ceart tiomána an chiontóra a tharraingt siar, a shrianadh nó a chur ar fionraí. I gcás ina ndearnadh an cion sa Bhallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána, is féidir iad a chur ar ceal freisin. Dá bhrí sin, ba cheart éifeachtaí uile-Aontais na ndícháiliúchán tiomána a bhaint amach trí chur i bhfeidhm na mbeart sin ar fad ag an mBallstát a d'eisigh an ceadúnas tiomána.

(10) Ós rud é go bhfuil tiomáint faoi thionchar an óil (is é sin a bheith ag tiomáint le leibhéal alcóil san fhuil a sháraíonn an luach uasta a cheadaítear leis an dlí), tiomáint ar róluas (is é sin a bheith ag sárú na luasteorainneacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbóthar nó leis an gcineál feithicle lena mbaineann) agus tiomáint faoi thionchar drugaí ***agus substaintí sícighníomhacha*** ar na príomhchúiseanna le himbhuailtí tráchta agus le básanna ar bhóithre laistigh den Aontas, ba cheart an dícheall is airde is féidir a thabhairt do chásanna a bhaineann leis na cionta sin, agus ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur 'mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre' iad chun críocha na Treorach seo. Thairis sin, mar gheall ar a thromchúisí atá cionta tráchta ar bhóithre a mbíonn bás nó gortú tromchúiseach coirp an íospartaigh mar thoradh orthu, ***nó tiomáint gan ceadúnas tiomána bailí,*** ba cheart iad sin a mheas freisin mar mhórchionta. **[Leasú 2]**

(11) Dícháiliúcháin tiomána a fhorchuireann Ballstát i ndáil le duine nach gnáthchónaitheoir é de réir bhrí Airteagal 17 [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA], agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d'eisigh Ballstát eile, ba cheart éifeachtaí a bheith ag na dícháiliúcháin sin ar fud chríoch iomlán an Aontais, i dtéarmaí atá cosúil leis na héifeachtaí atá ag dícháiliúcháin tiomána a fhorchuirtear maidir le daoine ag a bhfuil ceadúnais tiomána a d'eisigh Ballstát eile. Chomh maith leis sin, i bhfianaise phrionsabal an neamhspleáchais nós imeachta, ba cheart an tsaoirse a bheith ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun an toradh sin a bhaint amach i gcomhréir lena ndlí náisiúnta. Ba cheart a chur san áireamh, áfach, i gcás ina bhforchuireann Ballstát dícháiliúchán tiomána ar dhuine ar a bhfuil gnáthchónaí sa Bhallstát sin, ach a bhfuil ceadúnas tiomána aige nó aici a d'eisigh Ballstát eile, go bhfuil an Ballstát gnáthchónaithe i dteideal an ceadúnas a mhalartú chun an dícháiliúchán tiomána sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA].

(12) An Ballstát a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána ('Ballstát an chiona'), ba cheart dó fógra a thabhairt don Bhallstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann ('an Ballstát eisiúna') faoi aon dícháiliúchán tiomána arna fhorchur ar an duine sin ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó, chun na nósanna imeachta is gá a thionscnamh chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ba cheart an fógra sin a tharchur trí bhíthin deimhniú caighdeánach ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an chinnidh lenar forchuireadh an dícháiliú tiomána***, chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú idir na Ballstáit. ***Ba cheart tarchur an deimhnithe agus malartú na faisnéise eile is gá idir pointí teagmhála náisiúnta na mBallstát i ndáil le cur i bhfeidhm na Treorach seo a dhéanamh trí líonra an Aontais Eorpaigh um cheadúnais tiomána ('RESPER').*** **[Leasú 3]**

([3]) IO C 202, 7.6.2016.

([4]) Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra) an 6 Bealtaine 2014 , an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle, C-43/12, EU:C:2014:298, mír 43.

(13) Ba cheart tacar íosta sonraí a bheith sa deimhniú caighdeánach lenar féidir an Treoir seo a chur chun feidhme go cuí, go háirithe údarás Bhallstát an chiona a bhfuil an dícháiliúchán tiomána á fhorchur aige, ***tuairisc ar*** an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a rinneadh, an dícháiliúchán tiomána a tháinig as sin, ***sonraí lena sainaithnítear*** an duine lena mbaineann, agus na nósanna imeachta a leanadh chun an dícháiliúchán a fhorchur. Ba cheart an deimhniú sin a aistriú freisin go teanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit eisiúna nó go teanga ar bith eile ar ghlac an Ballstát eisiúna léi, chun a áirithiú go ndéanfaidh an seolaí próiseáil ghasta. Trí fhoráil a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin amháin, leis an deimhniú caighdeánach is féidir éifeachtacht a ráthú gan oibleagáid a chur ar na Ballstáit méideanna faisnéise a roinnt atá díréireach nó iomarcach. **[Leasú 4]**

(14) Agus dícháiliúcháin tiomána á bhforchur mar thoradh ar iompraíocht neamhdhleathach, rannchuidítear le hardleibhéal sábháilteachta ar bhóithre a ráthú laistigh den Aontas. Ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh maidir le ceadúnais tiomána a eisítear sna Ballstáit, bearta a bhaineann le ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna a tharraingt siar, a chur ar ceal, a chur ar fionraí nó a shrianadh, aithníonn gach Ballstát eile go huathoibríoch iad. Dá réir sin, ba cheart a cheangal ar an mBallstát eisiúna a áirithiú go dtugtar aitheantas i ngach Ballstát do dhícháiliúcháin tiomána a ghlactar i mBallstáit eile. Dá bhrí sin, ar fhógra a thabhairt maidir leis an dícháiliúchán tiomána arna fhorchur, agus mura bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine nó mura ndéantar é a agairt, ba cheart don Bhallstát eisiúna na bearta iomchuí a dhéanamh chun éifeacht an dícháiliúcháin tiomána a leathnú chuig an Aontas.

(15) Ba cheart an beart a dhéanann an Ballstát eisiúna a bheith éagsúil ag brath ar chineál sonrach an dícháiliúcháin tiomána. Ós rud é gur gá go mbeadh iarmhairtí difriúla ag baint le ceadúnas tiomána nó ceart tiomána a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a shrianadh, ceanglaítear leo go dtabharfar éifeacht do nósanna imeachta éagsúla i gcomhréir le hinniúlachtaí na mBallstát lena mbaineann. Go sonrach, a mhéid a bhaineann le tarraingt siar go háirithe, ba cheart don duine lena mbaineann a bheith in ann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le himthosca comhchosúla sa Bhallstát eisiúna. A mhéid a bhaineann le cur ar fionraí nó srianadh, ba cheart a áirithiú nach dtabharfar éifeacht uile-Aontais ach d'fhad na mbeart sin, fiú i gcás ina ndéantar foráil maidir le coinníollacha breise leis an dícháiliúchán tiomána, toisc gurb é príomhchuspóir na mbeart sin cosc sealadach nó páirteach a chur ar an duine lena mbaineann tiomáint agus gan a chinneadh conas ba cheart don duine sin a cheart tiomána nó a ceart tiomána a aisghabháil sa Bhallstát eisiúna.

(16) I bprionsabal, níor cheart teorainn a bheith le deis na mBallstát dícháiliúcháin tiomána a chur i bhfeidhm laistigh dá gcríoch mar gheall ar an Treoir seo. Dá réir sin, ba cheart do Bhallstát an chiona a bheith in ann leanúint de dhícháiliúcháin tiomána agus aon choinníollacha a leagtar síos fúthu a chur i bhfeidhm go dtí go gcomhlíonfaidh an duine lena mbaineann iad, i gcomhréir lena rialacha náisiúnta agus le héifeachtaí atá teoranta dá chríoch.

(17) Mar sin féin, tá sé tábhachtach a chur san áireamh freisin gur inniúlacht de chuid an Bhallstáit eisiúna é meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos faoi dhlí an Aontais maidir le ceadúnas tiomána a fháil. Agus coinníollacha breise á gcur i bhfeidhm sa Bhallstát eisiúna, níor cheart dúbláil a dhéanamh ar na ceanglais nach mór do dhuine lena mbaineann a chomhlíonadh chun a chruthú nach mbeidh baol ann don tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas má fhaigheann an duine sin ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána ar ais. I bhfianaise an mhéid sin, i gcás ina bhfuil bearta glactha ag an mBallstát eisiúna chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú agus, ina dhiaidh sin, go ndearna sé athmheasúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an duine lena mbaineann oiriúnach chun ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil, ba cheart an measúnú sin a aithint ar fud an Aontais agus, dá bhrí sin, i mBallstát an chiona freisin.

(18) Le cur i bhfeidhm na mbeart ag an mBallstát eisiúna, ba cheart a áirithiú go bhfuil éifeacht uile-Aontais ag dícháiliúchán tiomána agus níor cheart a cheangal go ndéanfar measúnú nua ar na fíricí ba chúis leis an dícháiliúchán. Mar sin féin, chun a ráthú nach bhfuil an éifeacht uile-Aontais contrártha do phrionsabal na comhréireachta, do chearta bunúsacha ná d'eisceachtaí dá bhforáiltear i ndlí an Bhallstáit eisiúna, tá sé iomchuí forais áirithe a leagan síos lena ndíolmhaítear an Ballstát eisiúna ón oibleagáid maidir le bearta a ghlacadh.

(19) Ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre agus chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt don duine lena mbaineann agus do Bhallstát an chiona, ba cheart don Bhallstát eisiúna éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú nó foras le haghaidh díolúine a chur i bhfeidhm laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dó fógra a fháil faoin dícháiliúchán. Ba cheart an méid sin a bheith gan dochar do chásanna ina gcuireann imthosca eisceachtúla cosc ar chomhlíonadh na teorann ama sin. Fiú i gcásanna eisceachtúla den sórt sin, áfach, ba cheart don Bhallstát eisiúna beart a dhéanamh gan moill mhíchuí, agus Ballstát an chiona a chur ar an eolas maidir le tréimhse agus cúis na moille.

(20) Maidir le cur chun feidhme cuí na Treorach seo, glactar leis go mbeidh dlúthchumarsáid ghasta éifeachtach idir na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát dul i gcomhairle le chéile nuair is gá~~, trí mhodhanna iomchuí~~. Thairis sin, i gcásanna sonracha dea-shainithe, ba cheart don Bhallstát eisiúna agus do Bhallstát an chiona araon faisnéis thábhachtach a thabhairt dá chéile maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo ~~gan mhoill. Ba cheart é a bheith amhlaidh i gcás~~***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis cinneadh maidir le*** bearta a ghlacadh lena dtabharfaí éifeacht uile-Aontais do dhícháiliúcháin tiomána~~, cinntí a rinneadh~~ ***nó cinneadh arna dhéanamh*** ar fhorais le haghaidh díolúine, cur i gcrích na ndícháiliúchán tiomána agus maidir le haon dálaí lena ndéantar difear do na dícháiliúcháin tiomána ~~a forchuireadh~~***arna bhforchur*** ar dtús. **[Leasú 5]**

(21) Tar éis don Bhallstát eisiúna fógra a fháil faoi dhícháiliúchán tiomána agus éifeachtaí uile-Aontais a thabhairt dó, ba cheart don Bhallstát sin an duine lena mbaineann a chur ar an eolas ~~gan mhoill~~***tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis an fógra sin a fháil***, ionas go mbeidh ~~sé nó sí~~***an duine sin*** in ann cearta bunúsacha a fheidhmiú amhail an ceart éisteachta agus ***an ceart chun*** agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí os comhair na gcúirteanna agus na mbinsí inniúla náisiúnta. **[Leasú 6]**

(22) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil leigheasanna dlí leormhaithe i bhfeidhm in aghaidh bearta a dhéanfar de bhun na Treorach seo, ar leigheasanna iad atá coibhéiseach leis na leigheasanna a bhíonn ar fáil i gcásanna intíre comhchosúla, agus go soláthraítear faisnéis maidir leis na leigheasanna sin nuair a thiocfaidh na leigheasanna sin chun bheith infheidhme, agus in am trátha chun a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach. Ba cheart a shoiléiriú, áfach, nach féidir agóid a dhéanamh in aghaidh an dícháiliúcháin tiomána a fhógraítear i gcomhréir le hAirteagal 4(1) ach amháin i gcaingean arna tabhairt i mBallstát an chiona.

(23) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil a sonraí pearsanta. I gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([5]) agus le hAirteagal 16(1) den Chonradh, tá ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis a chosaint. Ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht ábhartha an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Treorach seo i gcomhréir lena raon feidhme faoi seach.

(24) Leis an Treoir seo, bunaítear an bunús dlí le sonraí pearsanta a mhalartú chun éifeacht a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a fhorchuireann Ballstát, seachas an Ballstát eisiúna. Tá an bunús dlí sin i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) agus, i gcás inarb infheidhme, le hAirteagal 10 de Rialachán 2016/679, agus le hAirteagal 8 de Threoir 2016/680. Na sonraí pearsanta atá le malartú leis an mBallstát eisiúna, ba cheart iad a bheith teoranta don mhéid is gá chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh.

(25) Chun malartú faisnéise rianúil, iontaofa agus éifeachtach a áirithiú ***trí RESPER***, ba cheart do gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta a ainmniú chun críocha na Treorach seo. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go n-oibríonn a bpointí teagmhála náisiúnta féin i gcomhar leis na húdaráis ábhartha a bhfuil baint acu le forfheidhmiú na ndícháiliúchán tiomána a chumhdaítear leis an Treoir seo, go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis uile is gá a chomhroinnt in am trátha. **[Leasú 7]**

([5]) IO C 202, 7.6.2016, lch. 391.

([6]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([7]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89).

(26) Ba cheart do na Ballstáit staidreamh cuimsitheach a bhailiú go tráthrialta maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, agus é a sheoladh chuig an gCoimisiún gach bliain. Ar bhonn na faisnéise sin agus faisnéis eile, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar thionchar chur chun feidhme na Treorach seo ar shábháilteacht ar bhóithre agus tuarascáil ar thorthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach cúig bliana, mar aon le tograí reachtacha, i gcás inarb iomchuí, chun í a leasú.

(26a) **Agus an t-athbhreithniú ar an Treoir seo á ullmhú, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh a mhéid is féidir go mbíonn ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheografacha agus shochaíocha éagsúla agus iad ag iarraidh sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Go deimhin, cé go bhfuil sé mar aidhm ag roinnt Ballstát rialacha maidir le trácht ar bhóithre a fhorfheidhmiú trí na córais pointí díchumais, mar a thugtar orthu, tá modhanna éagsúla á roghnú ag Ballstáit eile, amhail smachtbhannaí níos déine a fhorchur láithreach nó iarracht níos mó a dhíriú ar fheachtais spriocdhírithe forfheidhmithe agus choisc. Thairis sin, ba cheart a chur san áireamh freisin gur féidir le córais pointí díchumais iad féin a bheith an-difriúil idir na Ballstáit a roghnaíonn iad a chur i bhfeidhm. Mar sin, ba cheart acmhainní agus aird a dhíriú ar bhearta eile, ar féidir leo sábháilteacht ar bhóithre a mhéadú, agus ag an am céanna ligean do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá rompu ar bhealaí a chreideann siad a bheith ar na bealaí is éifeachtúla. [Leasú 51]**

(27) Leis an Treoir seo, níor cheart difear a dhéanamh do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht eile is infheidhme de chuid an Aontais, go háirithe Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle ([8]) agus Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle ([9]), nó cearta daoine atá faoi drochamhras agus daoine atá cúisithe dá bhforáiltear i dTreoir 2010/64/AE ([10]), Treoir 2012/13/AE ([11]), Treoir 2013/48/AE ([12]), Treoir (AE) 2016/343 ([13]), Treoir (AE) 2016/800 ([14]) agus Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]).

(28) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích le Ballstáit eile, chun an córas a bhunaítear leis an Treoir seo a fhorlíonadh agus a éascú. Mar sin féin, níor cheart dóibh é sin a dhéanamh ach amháin a mhéid a cheadaítear le comhaontuithe nó socruithe den sórt sin forálacha na Treorach seo a leathnú nó a mhéadú agus a mhéid a chuidítear leis na nósanna imeachta maidir le héifeacht uile-Aontais a thabhairt do dhícháiliúcháin tiomána a shimpliú nó a éascú a thuilleadh, agus dá bhrí sin a mhéid a éascaítear leibhéal níos airde sábháilteachta ar bhóithre leo.

(29) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh a bhunú chun dícháiliúchán tiomána a chur in iúl. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]).

([8]) Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm maidir le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar bhearta promhaidh agus ar smachtbhannaí malartacha (IO L 337, 16.12.2008, lch. 102).

([9]) Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle an 24 Feabhra 2005 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar phionóis airgeadais (IO L 76, 22.3.2005, lch. 16).

([10]) Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

([11]) Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

([12]) Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

([13]) Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le gnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta a neartú mar aon leis an gceart bheith i láthair ag an triail in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

([14]) Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi drochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

([15]) Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoinedo dhaoine atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine atá cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí faoi réir barántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

([16]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(30) Maidir le cuspóirí na Treorach seo, is é sin éifeacht uile-Aontais na gcinntí lena bhforchuirtear dícháiliúcháin tiomána a eascraíonn as mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a áirithiú, cinntí arb é is aidhm dóibh leibhéil na sábháilteachta ar bhóithre ar fud an Aontais a fheabhsú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a bhaint amach go leordhóthanach, ach gur féidir, mar gheall ar fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, iad a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ([17]). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(31) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) agus thug sé a thuairim uaidh an [LL/MM/BBBB],

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuspóir agus ábhar

Tá sé d'aidhm ag an Treoir seo ardleibhéal cosanta a áirithiú do gach úsáideoir bóithre san Aontas. Chun na críche sin, leagtar síos léi rialacha lena ndéantar foráil maidir le héifeacht uile-Aontais a bheith ag dícháiliúcháin tiomána i gcás mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre arna ndéanamh i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'dícháiliúchán tiomána' aon chinneadh a bhaineann le mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, as a n-eascraíonn tarraingt siar, srianadh nó cur ar fionraí an cheadúnais tiomána nó an chirt tiomána atá ag tiománaí feithicle cumhacht-tiomáinte, nach bhfuil faoi réir ceart achomhairc a thuilleadh, gan beann ar cibé acu atá ann pionós príomha, tánaisteach nó forlíontach nó beart sábháilteachta agus gan beann ar cibé acu a cháilítear é mar bheart riaracháin nó mar bheart coiriúil;

(2) ciallaíonn 'tarraingt siar' cúlghairm an cheadúnais tiomána nó an chirt tiomána nó a n-aitheantais;

(3) ciallaíonn 'cur ar fionraí' an teorainn shealadach a chur le bailíocht an cheadúnais tiomána nó ar bhailíocht an chirt tiomána nó a ~~n-aitheantais~~***n-aitheantais***, ar feadh tréimhse shocraithe ~~ama~~, nó ar theaglaim de thréimhse shocraithe ~~ama~~ agus comhlíonadh coinníollacha breise araon; **[Leasú 9]**

(4) ciallaíonn 'srianadh' an teorainn pháirteach a chur le bailíocht an cheadúnais tiomána nó ar bhailíocht an chirt tiomána nó a n-aitheantais, ar feadh tréimhse shocraithe ama, nó faoi réir comhlíonadh coinníollacha breise, nó de bhun teaglaim den dá rud;

(5) ciallaíonn 'coinníollacha breise' coinníollacha eile seachas tréimhse shocraithe ama a bheith caite ar tréimhse ama í nach mór do dhuine a bhaineann le dícháiliúchán tiomána a chomhlíonadh chun a c(h)eart tiománanó a c(h) eadúnas tiomána a aisghabháil;

(6) ciallaíonn 'Ballstát an chiona' an Ballstát ***atá laistigh den chríoch ina ndearnadh an cion tráchta bóthair ónar eascair dícháiliúchán tiomána agus*** inar tugadh an dícháiliúchán tiomána ***sin***; **[Leasú 10]**

(7) ciallaíonn 'an Ballstát eisiúna' an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann, agus a ndéantar dícháiliúchán tiomána a tharchur chuige i gcomhréir le forálacha na Treorach seo;

([17]) IO C 202, 7.6.2016, lch. 13.

([18]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(8) ciallaíonn 'feithicil chumhacht-thiomáinte' feithicil chumhacht-thiomáinte mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (4) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA];

(9) ciallaíonn 'ceadúnas tiomána' ceadúnas tiomána mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA];

(10) ciallaíonn 'an duine ~~lena mbaincann~~***faoi dhliteanas***' an duine nádúrtha a n-eisítear dícháiliúchán tiomána ina aghaidh; **[Leasú 11]**

(11) ciallaíonn 'mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre':

(a) tiomáint faoi thionchar an óil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (g) de Threoir (AE) 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]);

(b) tiomáint ar róluas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (d), de Threoir (AE) 2015/413;

(c) tiomáint faoi thionchar drugaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (h), de Threoir (AE) 2015/413;

(d) iompar a sháraíonn rialacháin um thrácht ar bhóithre, agus ba chúis le bás nó le gortú tromchúiseach coirp;

(da) **tiomáint gan ceadúnas tiomána bailí mar atá leagtha amach i dTreoir 2006/126/CE; [Leasú 12]**

(12) ciallaíonn 'gnáthchónaí' gnáthchónaí i gcomhréir le hAirteagal 17 de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA].

Airteagal 3

Éifeacht uile-Aontais dícháiliúchán tiomána

Dícháiliúchán tiomána a d'eisigh Ballstát i ndáil le duine ***a bhfuil nó*** nach bhfuil gnáthchónaí air sa Bhallstát sin ***nó i mBallstát eile*** agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána arna eisiúint ag Ballstát eile ***nó nach bhfuil ceadúnas tiomána aige***, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go mbeidh éifeacht ag an dícháiliúchán sin ar fud chríoch iomlán an Aontais i gcomhréir leis an Treoir seo. **[Leasú 13]**

Airteagal 4

Dualgas maidir le fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána

1. Tabharfaidh Ballstát an chiona fógra don Bhallstát eisiúna ~~faoi aon~~***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis aon chinneadh lena bhforchuirtear*** dícháiliúchán tiomána ~~a fhorchuirtear~~ ar feadh tréimhse míosa amháin nó níos mó ar dhuine nach bhfuil gnáthchónaí air i mBallstát an chiona agus ag a bhfuil ceadúnas tiomána a d'eisigh an Ballstát eisiúna. ***Tabharfaidh Ballstát an chiona fógra don duine lena mbaineann freisin mura bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Bhallstát eisiúna.*** **[Leasú 14]**

2. Tabharfar an fógra dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin deimhniú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3.

3. ~~Déanfaidh~~***DDéanfaidh*** pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an deimhniú a líonadh isteach, a shíniú agus a tharchur go díreach chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna, a chuirfidh ar aghaidh é chuig an údarás atá inniúil chun éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána a áirithiú. Ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann, ~~nuair a urghabhtar~~***sa chás go n-urghabhtar*** é, agus an cinneadh bunaidh lena bhforchuirtear an dícháiliúchán tiomána nó cóip dheimhnithe de, déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona iad a chur ar aghaidh freisin chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. Ní bheidh aon oibleagáid ar Bhallstát an chiona an cinneadh bunaidh nó an chóip dheimhnithe de a aistriú. **[Leasú 15]**

([19]) Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).

Airteagal 5

Deimhniú caighdeánach agus modhanna tarchuir

1. Roimh … [an dáta trasuí a leagtar amach in Airteagal 19], trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, bunóidh an Coimisiún formáid agus ábhar an deimhnithe chaighdeánaigh chun fógra a thabhairt faoi dhícháiliúchán tiomána. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa deimhniú:

(a) faisnéis maidir leis an údarás a d'fhorchuir an dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona;

(b) an tuairisc ar an mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre***, ar*** ~~agus~~ na fíricí ~~is cúis leis an dícháiliúchán~~***agus ar na cúiseanna atá le forchur an dícháiliúcháin*** tiomána ~~a fhorchur;~~**; [Leasú 16]**

(c) ainm agus seoladh an duine lena mbaineann~~,~~ agus uimhir ~~an~~***a*** cheadúnais tiomána~~, agus uimhir~~ ***nó a ceadúnais tiomána agus a*** dhoiciméid ~~céannachta~~***nó a doiciméid aitheantais náisiúnta, agus ní mór faisnéis phearsanta eile atá nasctha le doiciméad aitheantais*** náisiúnta an duine ~~lena mbaineann, más gá, i gcás ina bhfuil sí ar fáil~~***a choinneáil faoi rún;*** **[Leasú 17]**

(d) forálacha dlí is infheidhme Bhallstát an chiona;

(e) na nósanna imeachta a leanadh agus raon feidhme agus ábhar beacht an dícháiliúcháin tiomána, lena n-áirítear, más infheidhme, an dáta a thagann deireadh le héifeacht na fionraí nó an tsriain, agus aon choinníollacha breise arna leagan síos ag Ballstát an chiona;

(f) tréimhse an dícháiliúcháin tiomána (i laethanta) a d'fhorchuir Ballstát an chiona, a caitheadh cheana féin sa Bhallstát sin, i gcás inarb infheidhme.

(fa) **an ceart achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh os comhair na mbreithiúna i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta Bhallstát an chiona. [Leasú 18]**

3. Cuirfidh Ballstát an chiona aistriúchán ar an deimhniú ar fáil don Bhallstát eisiúna agus beidh an t-aistriúchán i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit eisiúna nó i dteanga ar bith eile ar ghlac an Ballstát eisiúna léi i gcomhréir le mír 4.

4. Féadfaidh aon Bhallstát, ag am ar bith, a shonrú i ndearbhú a dtugtar fógra don Choimisiún ina leith, go nglacfaidh sé le haistriúchán ar dhearbhuithe i dteanga oifigiúil amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais seachas teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla an Bhallstáit sin. Féadfar dearbhú den sórt sin a tharraingt siar tráth ar bith. Cuirfidh an Coimisiún na dearbhuithe agus aon tarraingt siar díobh ar fáil do na Ballstáit uile.

5. Déanfaidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona an deimhniú a tharchur chuig pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna trí líonra an Aontais um cheadúnais tiomána dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA] ('RESPER').

5a. **Úsáidfidh pointí teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona agus an Bhallstáit eisiúna RESPER freisin chun an fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagail 8, 9, 10, 11, 12, 14 agus 15 a mhalartú. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na hacmhainní is gá ag RESPER chun an cúram sin a chomhlíonadh. [Leasú 19]**

Airteagal 6

Éifeacht uile-Aontais na ndícháiliúchán tiomána a áirithiú

1. Ar fhógra a fháil faoi dhícháiliúchán tiomána i gcomhréir le hAirteagal 4(1) agus mura bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 8, déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta iomchuí chun a áirithiú go mbeidh éifeacht uile-Aontais ag an dícháiliúchán tiomána.

2. I gcás ina bhfuil tarraingt siar ~~i gceist leis~~***mar thoradh ar*** an dícháiliúchán tiomána, ~~comhlíonfar na coinníollacha~~***is iad na bearta*** seo a leanas ~~leis na bearta a dhéanann~~***a dhéanfaidh*** an Ballstát eisiúna: **[Leasú 20]**

(a) déanfaidh an Ballstát eisiúna ceadúnas tiomána nó ceart tiomána an duine lena mbaineann a tharraingt siar;

(b) ~~féadfaidh an duine lena mbaineann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit eisiúna;~~ **[Leasú 21]**

(c) cuirfidh an Ballstát eisiúna san áireamh, a mhéid is féidir, aon chuid de na coinníollacha breise a chomhlíonfaidh an duine lena mbaineann chun an ceart tiomána a aisghabháil, ar coinníollacha iad atá comhlíonta cheana féin i mBallstát an chiona.

(ca) **i gcás nach ionann an 'tír ghnáthchónaithe', mar a shainmhínítear í in Airteagal 12 de Threoir 2006/126/CE, agus an tír eisiúna, éascófar malartú cheadúnas tiomána an tiománaí. [Leasú 22]**

féadfaidh an duine lena mbaineann an ceadúnas tiomána nó an ceart tiomána a aisghabháil i gcomhréir le rialacha náisiúnta an Bhallstáit eisiúna. [Leasú 23]

3. I gcás ina bhfuil fionraí nó srianadh ~~i gceist leis~~***mar thoradh ar*** an dícháiliúchán tiomána, ~~comhlíonfar na coinníollacha~~***is iad na bearta*** seo a leanas ~~leis na bearta a dhéanann~~***a dhéanfaidh*** an Ballstát eisiúna: **[Leasú 24]**

(a) cuirfidh an Ballstát eisiúna ceadúnas tiomána nó ceart tiomána an duine lena mbaineann ar fionraí nó déanfaidh sé iad a shrianadh go dtí an dáta ina stadann an fhionraí nó an srianadh d'éifeacht a bheith acu, ar fionraí agus srianadh iad a d'fhorchuir an Ballstát eisiúna agus ar thug sé fógra ina leith;

(b) an fhionraí nó an srianadh a d'fhorchuir Ballstát an chiona agus ar thug sé fógra ina leith, i gcás ina mbeidh siad faoi réir tréimhse shocraithe ~~arna~~ a bheith caite agus coinníollacha breise a chomhlíonadh, ní chuirfidh an Ballstát eisiúna san áireamh ach an tréimhse shocraithe**; [Leasú 25]**

(c) i gcás ina bhforchuireann Ballstát an chiona srianadh agus ina dtabharfaidh sé fógra ina leith, cuirfear san áireamh é a mhéid atá sé comhoiriúnach le dlí an Bhallstáit eisiúna ó thaobh a chineáil nó a fhaid de.

3a. **Beidh sé mar aidhm ag an mBallstát eisiúna a áirithiú, laistigh de na teorainneacha dlíthiúla atá ann cheana maidir le rialacha náisiúnta, go ndéanfar na bearta arna ndéanamh de bhun mhír 2 agus mhír 3 maidir le dícháiliúcháin tiomána a ailíniú a mhéid is féidir leis na bearta comhfhreagracha arna bhforchur ag Ballstát an chiona. [Leasú 26]**

4. Gan dochar don fhoras le haghaidh díolúine a leagtar síos in Airteagal 8(1), pointe (a), agus bearta á nglacadh faoin Airteagal seo, beidh an Ballstát eisiúna faoi cheangal ag an bhfaisnéis agus na fíorais a chuireann Ballstát an chiona ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 5, agus beidh sé ag brath ar an bhfaisnéis agus ar na fíorais sin.

Airteagal 7

Éifeachtaí dícháiliúchán tiomána i mBallstát an chiona

1. Leis an Treoir seo, ní chuirfear cosc ar Bhallstát an chiona an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú laistigh dá chríoch agus i gcomhréir lena rialacha náisiúnta.

2. I gcás ina dtugtar fógra don Bhallstát eisiúna faoi dhícháiliúchán tiomána ag a bhfuil coinníollacha breise i gcomhréir le hAirteagal 4(1), féadfaidh Ballstát an chiona leanúint den dícháiliúchán tiomána sin a chur i bhfeidhm laistigh dá chríoch go dtí go gcomhlíonfaidh an duine lena mbaineann na coinníollacha sin.

3. Mar sin féin, coinníollacha breise a ghabhann le dícháiliúchán tiomána a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(1), measfar iad a bheith comhlíonta ag Ballstát an chiona i gcás inar mheas an Ballstát eisiúna ~~go gcomhlíonann~~***gur chomhlíon*** an duine lena mbaineann na coinníollacha is infheidhme sa Bhallstát eisiúna maidir leis an gceart tiomána nó an ceadúnas tiomána a aisghabháil nó ina bhfuil sé nó sí in ann iarratas a dhéanamh ar cheann nua. ***Sa chás sin, beidh Ballstát an chiona faoi cheangal ag measúnú dearfach an Bhallstáit eisiúna agus a éifeachtaí. Dá bhrí sin, ní chuirfidh Ballstát an chiona na coinníollacha breise i bhfeidhm a thuilleadh. Féadfaidh Ballstát an chiona leanúint den dícháiliúchán tiomána a chur i bhfeidhm ina chríoch go dtí deireadh a thréimhse, áfach.*** **[Leasú 27]**

Airteagal 8

Forais le haghaidh díolúine

1. Ní dhéanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) sna cásanna seo a leanas:

(a) tá an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 5 neamhiomlán nó tá sé mícheart go follasach agus níor cuireadh an fhaisnéis cheart ar fáil i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo;

(b) rinneadh an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú go iomlán cheana féin i mBallstát an chiona;

(c) tá an dícháiliúchán tiomána faoi urchosc reachta i gcomhréir le dlí an Bhallstáit eisiúna;

(d) ~~is ann do phribhléid nó imdhíonacht faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna lena gcuirtear cosc ar an dícháiliúchán tiomána a fhorghníomhú;~~ **[Leasú 28]**

(e) tráth glactha na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 6(3), is lú ná mí amháin an tréimhse atá fágtha den fhionraí nó den srianadh atá le comhlíonadh de bhun an dícháiliúcháin tiomána;

(f) tharla imeachtaí breithiúnacha agus, de réir an deimhnithe, ní raibh an duine lena mbaineann i láthair ag an triail a raibh glacadh an dícháiliúcháin tiomána mar thoradh uirthi, mura luaitear ar an deimhniú, i gcomhréir le ceanglais nós imeachta bhreise a shainítear i ndlí Bhallstát an chiona, gur tharla ceachtar de na himthosca seo a leanas:

(i) fuair an duine lena mbaineann toghairm go pearsanta in am trátha agus gur cuireadh in iúl dó nó di, dá bhíthin sin, an dáta sceidealta agus láthair na trialach as ar eascair an dícháiliúchán tiomána, nó go bhfuair an duine faisnéis oifigiúil maidir le dáta sceidealta agus láthair na trialach ar bhealach eile ionas gur cruthaíodh go raibh sé nó sí ar an eolas faoin triail sceidealta, agus gur cuireadh in iúl don duine sin in am trátha go bhféadfaí dícháiliúchán tiomána den chineál sin a thabhairt mura mbeadh an duine sin i láthair don triail;

(ii) agus an duine lena mbaineann feasach ar an triail sceidealta, thug sé nó sí sainordú do dhlíodóir, a cheap an duine lena mbaineann nó an Stát chun é nó í a chosaint ag an triail, agus rinne an dlíodóir sin an duine a chosaint ag an triail go hiarbhír; nó

(iii) tar éis don duine an dícháiliúchán tiomána a fháil agus ar a chur in iúl go sainráite don duine lena mbaineann go raibh sé de cheart aige atriail a iarraidh nó achomharc a dhéanamh, atriail nó achomharc ina mbeadh cead ag an duine lena mbaineann a bheith páirteach, agus lena gceadófaí tuillteanais an cháis, scrúdú ar fhianaise nua san áireamh, a athscrúdú, agus a bhféadfaí an dícháiliúchán tiomána bunaidh a fhreaschur dá barr nó dá bharr, dúirt an duine go sainráite nach raibh sé nó sí ag cur in aghaidh an dícháiliúcháin tiomána, nó nár iarr sé nó sí atriail nó achomharc laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme;

(g) i gcásanna eisceachtúla, tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, ar bhonn fianaise shonrach agus oibiachtúil, go mbeadh sárú ar cheart bunúsach mar a leagtar amach sa Chairt i gceist le forghníomhú an dícháiliúcháin tiomána, in imthosca áirithe an cháis.

2. Féadfaidh an Ballstát eisiúna a chinneadh na forais le haghaidh díolúine seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) baineann an dícháiliúchán tiomána le mórchion tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, nach gcuirfí dícháiliúchán tiomána i bhfeidhm, ar bhonn na faisnéise a dtugtar fógra ina leith faoi Airteagal 4(1), mar gheall air faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna;

(b) níor forchuireadh an dícháiliúchán tiomána ach amháin ar fhorais róluais agus ***más rud é gur*** sáraíodh na luasteorainneacha a bhí i bhfeidhm i mBallstát an chiona***, ar choinníoll go raibh críocha na luasteorann ar an mbóthar ar ar sáraíodh í léirithe go soiléir , le níos lú ná 30 km/h i gcás bóithre i limistéar cónaithe agus, i gcás bóithre i limistéar neamhchónaithe,*** le níos lú ná 50 km/h; **[Leasú 29]**

(c) faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, ní féidir an duine lena mbaineann a chur faoi dhliteanas, mar gheall ar a aois nó a haois, i leith an mhórchiona tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar eisíodh an dícháiliúchán tiomána ina leith.

3. Nuair atá sé beartaithe ag an mBallstát eisiúna foras le haghaidh díolúine de bhun mhíreanna 1 nó 2 a chur i bhfeidhm maidir le cás sonrach, cuirfidh sé Ballstát an chiona ar an eolas ~~gan mhoill~~***faoin gcion tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis cinneadh díolúine a chur i bhfeidhm*** agus, i gcás inarb infheidhme, iarrfaidh sé aon fhaisnéis is gá chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu atá feidhm ag foras le haghaidh díolúine dá dtagraítear inti nó nach bhfuil. Cuirfidh Ballstát an chiona an fhaisnéis a iarrtar ar fáil ~~gan mhoill~~***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis na hiarrata*** agus féadfaidh sé aon fhaisnéis bhreise nó barúil bhreise a mheasann sé a bheith ábhartha a chur ar fáil. **[Leasú 30]**

Ní áireofar san fhaisnéis a sholáthrófar faoin mír seo sonraí pearsanta seachas na sonraí sin a bhfuil géarghá leo chun míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm agus úsáidfear í chun na míreanna sin a chur i bhfeidhm agus chun na críche sin amháin.

Airteagal 9

Teorainneacha ama

1. Déanfaidh an Ballstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) nó glacfaidh sé an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8 gan mhoill agus, gan dochar do mhír 3, tráth nach déanaí ná 15 lá ***oibre*** tar éis dó an deimhniú a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5(1). **[Leasú 31]**

2. ~~Na bearta arna ndéanamh faoi Airteagal 6(1) nó an cinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8,~~ Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna na nithe sin in iúl***, trí RESPER,*** do phointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona~~, gan mhoill, trí RESPER~~ ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre i ndiaidh ghlacadh na mbeart arna ndéanamh faoi Airteagal 6(1) nó an chinnidh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8***. **[Leasú 32]**

3. I gcás nach féidir an teorainn ama a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh, i gcás ar leith, cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas ***trí RESPER*** faoin gcion ~~gan mhoill trí mhodh ar bith~~***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dhul in éag na teorann ama sin***, agus tabharfaidh sé na cúiseanna nárbh fhéidir an teorainn ama sin a chomhlíonadh. **[Leasú 33]**

Má théann an teorainn ama a leagtar síos in mír 1 in éag, beidh an oibleagáid fós ar an mBallstát eisiúna na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a dhéanamh gan mhoill.

Airteagal 10

Comhairliúcháin idir na Ballstáit

I gcás inar gá, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle le chéile~~, trí mhodhanna iomchuí agus gan mhoill~~ ***ar bhealach tráthúil***, chun cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo a áirithiú. **[Leasú 34]**

Airteagal 11

Faisnéis atá le tabhairt don Bhallstát eisiúna

Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta an Bhallstáit eisiúna pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona ar an eolas, gan mhoill~~, maidir leis na nithe seo a leanas~~ ***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an ghlactha***: **[Leasú 35]**

(a) nuair a fhaightear fógra faoin dícháiliúchán tiomána, i gcomhréir le hAirteagal 4(1);

(b) na bearta a dhéantar faoi Airteagal 6, a luaithe a bheidh siad ceangailteach ó thaobh dlí;

(c) aon chinneadh go bhfuil feidhm ag foras le haghaidh díolúine de bhun Airteagal 8 mar aon leis na cúiseannaleis an gcinneadh;

(d) aon bheart lena gcuirtear ar fionraí nó lena bhfoirceanntar éifeacht uile-Aontais an dícháiliúcháin tiomána agus na bunchúiseanna leis, lena n-airítear mar gheall ar agóid rathúil a rinne an duine lena mbaineann.

Airteagal 12

Faisnéis atá le tabhairt ag Ballstát an chiona

Cuirfidh pointe teagmhála náisiúnta Bhallstát an chiona pointe teagmhála ~~náisiúnta~~ an Bhallstáit eisiúna ar an eolas, ~~gan mhoill, maidir leis na nithe seo a leanas~~***tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an ghlactha***: **[Leasú 36]**

(a) aon imthoisc lena ndéantar difear don chinneadh ~~lena~~***lenar*** forchuireadh an dícháiliúchán tiomána***, lena n-áirítear aon fhaisnéis ábhartha maidir le haon choinníoll breise arna fhorchur maidir le dícháiliúchán tiomána a bheith á chomhlíonadh cheana i mBallstát an chiona***; **[Leasú 37]**

(b) forghníomhú an dícháiliúcháin tiomána i mBallstát an chiona.

Airteagal 13

An oibleagáid maidir leis an duine lena mbaineann a chur ar an eolas

1. Tar éis an fógra faoi Airteagal 4(1) a fháil agus na bearta faoi Airteagal 6(1) a ghlacadh, faoi seach, cuirfidh an Ballstát eisiúna an duine lena mbaineann ar an eolas ~~gan mhoill~~***tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis an fógra a fháil faoi Airteagal 4(1) nó tar éis bearta a ghlacadh faoi Airteagal 6(1)***, i gcomhréir le nósanna imeachta faoina dhlí náisiúnta. **[Leasú 38]**

2. Sonrófar an méid seo a leanas ar a laghad san fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le mír 1:

(a) nuair a thugtar an fhaisnéis tar éis an fógra faoi Airteagal 4(1) a fháil:

(i) ainm***, seoladh poist, uimhir theileafóin, láithreacht idirlín agus sonraí teagmhála ríomhphoist na n-údarás*** ~~na n-údarás~~ atá inniúil maidir le forfheidhmiú an dícháiliúcháin tiomána ón mBallstát eisiúna agus ó Bhallstát an chiona; agus **[Leasú 39]**

(ii) leigheasanna dlí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna, lena n-airítear an ceart éisteachta;

(b) nuair a thugtar an fhaisnéis tar éis na bearta a rinneadh faoi Airteagal 6(1) a ghlacadh:

(i) sonraí na mbeart a rinne Ballstát an chiona;

(ii) leigheasanna dlí atá ar fáil faoi dhlí an Bhallstáit eisiúna chun agóid a dhéanamh in aghaidh na mbeart a rinneadh.

Airteagal 14

Leigheasanna dlí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh leigheasanna dlí leordhóthanacha ar fáil in aghaidh cinntí nó bearta a dhéantar de bhun na Treorach seo, ar leigheasanna iad atá coibhéiseach leis na leigheasanna atá ar fáil i gcásanna intíre comhchosúla. Déanfaidh siad bearta iomchuí chun a áirithiú go soláthrófar faisnéis maidir leis na leigheasanna sin in am trátha chun a áirithiú gur féidir iad a fheidhmiú go héifeachtach.

2. Ní fhéadfar agóid a dhéanamh in aghaidh dícháiliúchán tiomána a fhógraítear faoi Airteagal 4(1) ach amháin i gcaingean a thionscnaítear i mBallstát an chiona.

3. Cuirfidh Ballstát an chiona agus an Ballstát eisiúna a chéile ar an eolas maidir leis na leigheasanna dlí a atá á lorg in aghaidh cinntí nó bearta a dhéantar de bhun na Treorach seo.

Airteagal 15

Pointí teagmhála náisiúnta

1. Faoin … [dáta thrasuí na Treorach seo], ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála náisiúnta chun críocha na Treorach seo.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go n-oibreoidh a bpointí teagmhála náisiúnta i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta inniúla maidir le forfheidhmiú dícháiliúchán tiomána arna bhforchur le haghaidh mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, go háirithe chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis uile is gá in am trátha, agus go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos ~~in Airteagal 9.~~***Treoir seo.*** **[Leasú 40]**

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na pointí teagmhála náisiúnta a ainmnítear chun críocha na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a fhaightear faoin Airteagal seo ar fáil do na Ballstáit ***uile trí RESPER, agus ar Thairseach CBE a luaithe a bheidh sí oibríochtúil. Go dtí sin, cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil***~~go léir~~ ar a shuíomh gréasáin. **[Leasú 41]**

Airteagal 16

Staidreamh

Baileoidh na Ballstáit staidreamh cuimsitheach maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo go tráthrialta agus seolfaidh siad é chuig an gCoimisiún gach bliain. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh sa staidreamh sin:

(a) líon na bhfógraí arna ndéanamh faoi Airteagal 4(1), scartha de réir an Bhallstáit a ndírítear air;

(aa) **líon na bhfógraí a seoladh chuig na daoine lena mbaineann; [Leasú 42]**

(b) an líon uaireanta a agraíodh foras le haghaidh díolúine, lena n-áirítear na forais le haghaidh díolúine a cuireadh i bhfeidhm, agus iad scartha de réir an Bhallstáit a thug an fógra;

(c) an t-am is gá chun faisnéis maidir le ***gach*** cinneadh ***arna dhéanamh*** ar fhoras le haghaidh díolúine a tharchur; ***[Leasú 43]***

(ca) **an líon uaireanta ba ghá údar a thabhairt le moill; [Leasú 44]**

(d) líon na leigheasanna dlí a taisceadh in aghaidh bearta a rinneadh faoi Airteagal 6(1).

Faoi ... [bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] cuirfidh na Ballstáit faisnéis atá cothrom le dáta in iúl don Choimisiún faoi na rialacha atá i bhfeidhm maidir leis na pionóis is infheidhme ina gcóras dlí le haghaidh mórchionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas laistigh de thrí mhí faoi aon athrú mór ar na pionóis sin trí nuashonrú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a tharchuir siad roimhe sin. Faoi ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún forléargas ar an bhfaisnéis a fuarthas faoin mír seo ar an Tairseach le haghaidh malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ('Tairseach CBE') a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8 de Threoir (AE) 2015/413 i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh. I gcás mórathrú ar an gcóras i bhfeidhm i mBallstát, déanfaidh an Coimisiún an forléargas a thabhairt cothrom le dáta laistigh de thrí mhí tar éis dó an fhaisnéis a fháil. [Leasú 45]

Airteagal 17

Nós imeachta coiste

1. An coiste um cheadúnais tiomána a bunaíodh le hAirteagal 22 de [TREOIR NUA MAIDIR LE CEADÚNAIS TIOMÁNA], tabharfaidh sé cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 18

Gaol le gníomhartha dlí eile

1. Ní dhéanfar difear leis an Treoir do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as na gníomhartha dlí seo a leanas:

(a) Cinneadh Réime 2008/947/CGB ón gComhairle;

(b) Cinneadh Réime 2005/214/CGB ón gComhairle;

(c) cearta daoine atá faoi drochamhras agus daoine atá cúisithe dá bhforáiltear i dTreoir 2010/64/AE, Treoir 2012/13/AE, Treoir 2013/48/AE, Treoir (AE) 2016/343, Treoir (AE) 2016/800 agus Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe nó socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích le Ballstáit eile tar éis [LL/MM/BBBB], a mhéid a cheadaítear leis na comhaontuithe nó na socruithe sin forálacha na Treorach seo a leathnú agus nósanna imeachta maidir le forfheidhmiú na ndícháiliúchán tiomána a shimpliú nó a éascú a thuilleadh, ar dícháiliúcháin iad a forchuireadh mar gheall ar chionta a rinneadh i mBallstát seachas an Ballstát a d'eisigh ceadúnas tiomána an duine lena mbaineann.

Airteagal 19

Trasuí

1. ***Déanfaidh na Ballstáit*** na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh~~, déanfaidh na Ballstáit iad~~ a thabhairt i bhfeidhm faoin ***...*** [~~LL/MM/BBBB~~***1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo***]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. **[Leasú 46]**

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún faoin [~~LL/MM/BBBB~~***15 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seoí***]. **[Leasú 47]**

Airteagal 20

~~Tuarascáil maidir leis an gcur i bhfeidhm~~ *Athbhreithniú* [Leasú 48]

~~Faoin [tcacht~~***Faoi ... [5 bliana tar éis dháta theacht*** i bhfeidhm ~~+ 5 bliana~~***na Treorach seo***], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, ~~tíolacfaidh~~***cuirfidh*** an Coimisiún tuarascáil ~~do~~***faoi bhráid*** Pharlaimint na hEorpa agus ~~don Chomhairle~~***faoi bhráid na Comhairle*** maidir le cur chun feidhme na Treorach seo, lena ~~n-áirítear~~***n-áirítear*** a tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre. ~~Beidh tograí le haghaidh leasuithe ar~~***Áireofar sa tuarascáil staidreamh ó na Ballstáit maidir le húsáid an tsásra a leagtar síos leis*** an Treoir seo***, chomh maith le scrogaill trách agus limistéir a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Beidh togra reachtach*** ag gabháil leis an tuarascáil, más gá***, chun an Treoir seo a leasú***. **[Leasú 49]**

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm ~~agus cur i bhfeidhm~~**[Leasú 50]**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 22

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa …,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán